RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.

2. An Chorparáid a dhíscaoileadh.

3. Maoin agus dliteanais áirithe de chuid na Corparáide a aistriú chuig an Údarás.

4. Conarthaí leanúnacha áirithe a choimeád ar marthain agus tagairtí don Chorparáid i ndoiciméid áirithe a oiriúnú.

5. Imeachtaí dlí a bhí ar feitheamh.

6. Díolúine ó dhleacht stampa.

7. An tÚdarás d'infheistiú i bhfiontair.

8. Cuntais chríochnaitheacha na Corparáide.

9. Leasú ar Acht 1986.

10. Leasú ar an Acht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta (Leasú), 1986.

11. Aisghairm.

12. Caiteachais an Aire.

13. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

---

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | | | |
|---|---|---|---|
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, | Uimh. | 33 |
| *Finance Act,* 1895 | 1895, | c. | 16 |
| An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986 | 1986, | Uimh. | 9 |
| An tAcht um Chorparáid Forbartha Náisiúnta, 1986 | 1986, | Uimh. | 5 |
| An tAcht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta (Leasú), 1986 | 1986, | Uimh. | 20 |

*Uimhir* 30 *de* 1991

# AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL (LEASÚ), 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AN CHORPARÁID FORBARTHA NÁISIÚNTA TEORANTA A DHÍSCAOILEADH AGUS CHUN A SÓCMHAINNÍ AGUS A DLITEANAIS A AISTRIÚ CHUIG AN ÚDARÁS FORBARTHA TIONSCAIL, DO LEASÚ AN ACHTA UM FHORBAIRT TIONSCAIL, 1986, AGUS AN ACHTA UM CHUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA (LEASÚ), 1986, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH NITHE COMHGHAOLMHARA. [24 *Nollaig*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

**1.**—San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1986" an tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986;

ciallaíonn "an tÚdarás" an tÚdarás Forbartha Tionscail;

ciallaíonn "an Chorparáid" an Chorparáid Forbartha Náisiúnta Teoranta;

ciallaíonn "fiontar" comhlacht corpraithe ina raibh, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, scairchaipiteal cothromais á shealbhú ag an gCorparáid;

tá le "scairchaipiteal cothromais" an bhrí a shanntar dó le halt 155 (5) d'Acht na gCuideachtaí, 1963;

A.1 ciallaíonn "an tAire" an tAire Tionscail agus Tráchtála.

Discaoileadh na Corparáide.

**2.**—Díscaoiltear an Chorparáid leis seo.

Maoin agus dliteanais áirithe de chuid na Corparáide a aistriú chuig an Údarás.

**3.**—(1) Déanfar, agus déantar leis seo, na nithe seo a leanas a aistriú chuig an Údarás:

(*a*) an mhaoin agus na cearta uile a bhí, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, á sealbhú nó ar teachtadh ag an gCorparáid, agus

(*b*) na dliteanais uile a thabhaigh an Chorparáid roimh an tosach feidhme sin agus nach raibh urscaoilte roimh an tosach feidhme sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú nó sannadh breise—

(i) dílseoidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, don Údarás ar an tosach feidhme sin go feadh an eastáit, an téarma nó an leasa uile dá raibh sí, díreach roimh an tosach feidhme sin, dílsithe don Chorparáid, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoin agus is inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, amhail ar an agus ón tosach feidhme sin, ar teachtadh ag an Údarás,

(iii) amhail ar an agus ón tosach feidhme sin, is dliteanais de chuid an Údaráis na dliteanais sin.

(2) An t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an Údarás leis an alt seo agus atá, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, in ainm na Corparáide déanfar, má iarrann an tÚdarás amhlaidh, iad a aistriú isteach in ainm an Údaráis.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an Údarás leis an alt seo féadfar, ar thosach feidhme an Achta seo nó dá éis, agairt ina leith nó é a ghnóthú nó a fheidhmiú ag an Údarás nó i gcoinne an Údaráis ina ainm féin agus ní gá don Údarás fógra faoin aistriú a thabhairt don duine arb é a cheart nó a dhliteanas a aistrítear leis an alt seo.

Conarthaí leanúnacha áirithe a choimeád ar marthain agus tagairtí don Chorparáid i ndoiciméid áirithe a oiriúnú.

**4.**—(1) Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de chineál leanúnach a rinne nó a thug an Chorparáid, nó a rinneadh nó a tugadh thar a ceann, d'aon duine, nó a thug aon duine don Chorparáid agus ar ghlac an Chorparáid leis nó ar glacadh leis thar ceann na Corparáide agus gach conradh nó comhaontú i scríbhinn a rinneadh idir an Chorparáid agus aon duine eile agus a bheidh i bhfeidhm ach nach mbeidh forghníomhaithe agus comhlánaithe go hiomlán díreach roimh thosach feidhme an Achta seo leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm ar an tosach feidhme sin agus dá éis agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis ionann is dá gcuirfí an tÚdarás in ionad na Corparáide mar pháirtí ann agus dá gcuirfí ainm an Údaráis ann in ionad ainm na Corparáide agus beidh sé infheidhmithe ag an Údarás nó ina choinne.

(2) Aon tagairtí don Chorparáid a bhí díreach roimh thosach feidhme an Achta seo i meabhrán agus in airteagail chomhlachais aon chuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963) déanfar, ar an tosach feidhme sin agus dá éis, iad a fhorléiriú mar thagairtí don Údarás.

Imeachtaí dlí a bhí ar feitheamh.

**5.**—Más rud é, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, go raibh aon imeachtaí dlí ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí an Chorparáid, cuirfear an tÚdarás in ionad na Corparáide mar pháirtí sna himeachtaí sin agus cuirfear ainm an Údaráis in ionad ainm na Corparáide sna himeachtaí agus ní thitfidh na himeachtaí ar lár mar gheall ar an ionadú sin.

Díolúine ó dhleacht stampa.

**6.**—Ní bheidh feidhm ag alt 12 den *Finance Act,* 1895, maidir le haon mhaoin nó ceart a aistrítear leis an Acht seo a dhílsiú don Údarás.

An tÚdarás d'infheistiú i bhfiontair.

**7.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás infheistiú a dhéanamh i bhfiontar trí scaireanna san fhiontar a cheannach nó a thógáil.

(2) D'ainneoin alt 31 (4) d'Acht 1986, ní dhéanfaidh an tÚdarás, gan toiliú an Rialtais, trí scaireanna i bhfiontar a cheannach nó a thógáil, méid nó méideanna a infheistiú san fhiontar atá, ar é nó iad a chur leis an méid a bhí arna infheistiú ag an gCorparáid san fhiontar díreach roimh thosach feidhme an Achta seo ar mhodh scairchaipitil cothromais nó iasachta, níos mó ná £1,500,000.

Cuntais chríochnaitheacha na Corparáide.

**8.**—(1) A luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an Achta seo, cuirfidh an tÚdarás faoi deara go n-ullmhófar i cibé foirm a bheidh forordaithe ag an Aire na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Chorparáid nó a chaithfidh sí sa bhliain chuntasaíochta, nó i gcuid de bhliain chuntasaíochta, de chuid na Corparáide dar críoch díreach roimh an tosach feidhme sin agus aon chuntas speisialta a bheidh sonraithe ag an Aire i ndáil leis an airgead sin.

(2) Déanfaidh an tÚdarás cuntais a bheidh ullmhaithe de bhun an ailt seo a chur, a luaithe is féidir, faoi bhráid an iniúchóra lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip den chuntas sochair agus dochair agus den chlár comhardaithe agus den chuid eile sin (más ann) de na cuntais a ordóidh an tAire agus cóip de thuarascáil an iniúchóra ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh seisean faoi deara cóipeanna den chéanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Leasú ar Acht 1986.

**9.**—Leasaítear leis seo Acht 1986—

(*a*) in alt 11, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh mhír (*h*):

"(*hh*) stoic, scaireanna agus urrúis a bhí in ainm na Corparáide Forbartha Náisiúnta Teoranta díreach roimh thosach feidhme an Achta um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 1991, agus a aistrítear chuig an Údarás le halt 3 den Acht sin a shealbhú agus a dhiúscairt (cibé acu trína ndíol nó ar shlí eile);",

(*b*) in alt 14, trí "£1,200,000,000" a chur in ionad "£700,000,000" i bhfo-alt (2),

(*c*) in alt 21, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*) i bhfo-alt (5):

"(*a*) Féadfaidh an tÚdarás deontas a thabhairt ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis maidir le haon duine breise a bheidh fostaithe i ngnóthas tionscail.",

agus

(*d*) in alt 31—

A.9

(i) trí "an scairchaiptil cothromais (de réir bhrí alt 155 (5) d'Acht na gCuideachtaí, 1963)" a chur in ionad "an scairchaipitil" i bhfo-alt (1), agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Gach scair a cheannóidh an tÚdarás nó a thógfaidh sé faoin alt seo agus a bhí in ainm an Aire Airgeadais díreach roimh thosach feidhme an Achta um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 1991, i gcláir na gcomhaltaí a bheidh á gcothabháil ag na cuideachtaí lena mbaineann déanfar, ar iarraidh an Údaráis, iad a thaifeadadh in ainm an Údaráis.".

Leasú ar an Acht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta (Leasú), 1986.

**10.**—Leasaítear leis seo an tAcht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta (Leasú), 1986—

(*a*) trí "£150,000,000" a chur in ionad "£130,000,000" in alt 2, agus

(*b*) trí "£150,000,000" a chur in ionad "£105,000,000" in alt 3.

Aisghairm.

**11.**—Aisghairtear leis seo an tAcht um Chorparáid Forbartha Náisiúnta, 1986, agus fo-alt (3) d'alt 31 d'Acht 1986.

Caiteachais an Aire.

**12.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**13.**—(1) Féadfar an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 agus 1991, a ghairm le chéile den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, agus den Acht seo, a mhéid a bhaineann sé leis an Acht sin, agus féadfar na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na

A.13 Sionna Teoranta (Leasú), 1959 go 1991, a ghairm le chéile de na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamchustam na Sionna Teoranta, 1959 go 1989, agus den Acht seo, a mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna sin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.